# COMHAIRLE CHONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN

# DÚN LAOGHAIRE-RATHDOWN

# COUNTY COUNCIL

Comhairle Contae County Council

**Fodhlíthe um Luasteorainneacha Speisialta do Thrácht ar Bhóithre, 2024**

**FAOIN ACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE, 2004 (arna leasú)**

**An Roinn um Thrácht agus um Shábháilteacht ar Bhóithre**

**An Roinn Bonneagair agus Athrú Aeráide**

**Traffic and Road Safety Section,**

**Infrastructure Climate Change**

## Clár na nÁbhar

**1.0 SAINMHÍNITHE AGUS EOLAS GINEARÁLTA ....................................4**

**2.0 LUA ..........................................................................................6**

**3.0 LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA ...............................................7**

3.1 AN CHÉAD SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 30 KM/U ..................................7

3.2 AN DARA SCEIDEAL – LUASTEORAINN THRÉIMHSIÚIL SPEISIALTA 30 KM/U.........7

3.3 AN TRÍÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 50 KM/U ......................................7

3.4 AN CEATHRÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 50KM/U (LE CUR I BHFEIDHM NUAIR A GHLACANN DLRCC FAOI CHÚRAM Í) .........................................................................7

3.5 AN CÚIGIÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 60 KM/U ...................................8

3.6 AN SÉÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 60 KM/U (LÁNA BUS AMHÁIN) . 8

3.7 AN SEACHTÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 80 KM/U SEACHAS LÁNA BUS 8

3.8 AN tOCHTÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 80 KM/U..................................9

3.9 AN NAOÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 100 KM/U ...................................9

**4.0 LUASTEORAINNEACHA AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA AGUS AR MHÓTARBHEALACH.......................................................9**

**LUASTEORAINNEACHA ..........................................................................9**

## 1.0 SAINMHÍNITHE AGUS EOLAS GINEARÁLTA

1.1 Déanann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le halt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004) (arna leasú), agus faoi réir dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le toiliú i scríbhinn ó Bhonneagar Iompair Éireann, i dtaca le bóithre náisiúnta agus mótarbhealaí, na Fodhlíthe seo a leanas i leith an limistéir arb é atá ann limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, mar a shainmhínítear sa léarscáil a ullmhaíodh de réir Alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath) 1993.

1.2 Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh an 11 Samhain 2024.

1.3 Sna Fodhlíthe seo:

tá le "limistéar riaracháin" an bhrí a shanntar dó le hAcht 2001;

tá le "limistéar foirgnithe" an bhrí a shanntar dó le hAcht 2004;

ciallaíonn "fad" fad arna thomhas feadh lárlíne bóthair; tá le "bóthar áitiúil", "bóthar réigiúnach", "bóthar náisiúnta", agus "mótarbhealach" an bhrí a shanntar dóibh, faoi seach, in Acht na mBóithre 1993; tá feidhm ag "luasteorainn " maidir le gach lána de bhóthar sa dá threo mura sonraítear a mhalairt;

ciallaíonn "Acht 1961" an t Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (Uimh. 24 de 1961) ;

ciallaíonn "Acht 1993" an t Acht um Thrácht ar Bhóithre 1993 (Uimh. 14 de 1993) ;

ciallaíonn "Acht 1994" an t Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 (Uimh. 7 de 1994) ;

ciallaíonn "Acht 2001" an tAcht Rialtais Áitiúil 2001;

ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2004 (Uimh. 44 de 2004); ciallaíonn "Acht 2010" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 (Uimh. 25 de 2010).

1.4 Tá feidhm ag Luasteorainneacha Bóthair Réigiúnacha agus Áitiúla agus Luasteorainneacha Mótarbhealaigh, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag luasteorainneacha speisialta nó luasteorainneacha oibreacha bóthair agus faoi réir fhorálacha Alt 10 agus Alt 11 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004, maidir leis na catagóirí bóithre poiblí seo a leanas.

(1) Is é 50 ciliméadar san uair an luasteorainn do limistéir fhoirgnithe do gach feithicil innealghluaiste.

(2) Is é an luasteorainn ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ná 80 ciliméadar san uair do gach feithicil inneallghluaiste.

(3) Is é an luasteorainn ar bhóithre náisiúnta ná 100 ciliméadar san uair do gach feithicil inneallghluaiste.

(4) Is é 120 ciliméadar san uair an luasteorainn ar mhótarbhealaí do gach feithicil inneallghluaiste.

1.5 Féadfar luasteorainneacha speisialta a shonrú i bhFodhlíthe agus a chur i bhfeidhm mar seo a leanas:

a) (i) 30 ciliméadar san uair, agus

(ii) 40 ciliméadar san uair, i leith bóthair nó bóithre de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi Alt 9(9) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004.

b) 50 ciliméadar san uair, i leith aon bhóthair seachas bóthar i limistéar foirgnithe.

c) 60 ciliméadar san uair.

d) 80 ciliméadar san uair, maidir le mótarbhealach, bóthar náisiúnta nó bóthar i limistéar foirgnithe.

e) 100 ciliméadar san uair, maidir le mótarbhealach, bóthar réigiúnach nó áitiúil neamhuirbeach nó bóthar i limistéar foirgnithe.

f) 120 ciliméadar san uair, maidir le débhealach atá mar chuid de bhóthar náisiúnta nach mótarbhealach é de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi Alt 9(9) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004.

1.6 Beidh na hathruithe ar luasteorainneacha ag acomhail suite laistigh de 15m d'acomhal. Beidh na hathruithe ar luasteorainneacha atá suite ar shiúl ó acomhail mar a thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileog 1-15).

1.7 Ní bhaineann an luasteorainn ach le bóithre a ghlacann DLRCC faoina chúram.

1.8 Faoi Alt 87 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010, níl feidhm ag an luasteorainn maidir le tiománaí feithicle briogáide dóiteáin, otharchairr ná le húsáid feithicle ag comhalta den Gharda Síochána i gcomhlíonadh dhualgais an chomhalta sin nó duine atá ag tiomáint nó ag úsáid feithicle faoi threoir comhalta den Gharda Síochána, i gcás nach gcuireann úsáid den sórt sin sábháilteacht úsáideoirí bóthair i mbaol.

1.9 Cúlghairtear Fodhlíthe Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin um Luasteorainneacha Speisialta do Thrácht ar Bhóithre dar dáta an 4 Iúil 2017 ar an dáta a thagann an Fodhlí seo i bhfeidhm.

## 2.0 LUA

2.1 Is féidir tagairt do na fodhlíthe seo mar: Fodhlíthe Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin um Luasteorainneacha Speisialta do Thrácht ar Bhóithre, 2024.

## 3.0 LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA

### 3.1 AN CHÉAD SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 30 KM/U

Is é **30 km/u** an luasteorainn d'fheithiclí inneallghluaiste ar bhóithre poiblí atá suite laistigh de theorainn limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (mar a thaispeántar ar léarscáil teorann an chontae arna hullmhú de réir alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993), mar a thaispeántar freisin ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), (glas scáthaithe), ach amháin na bóithre sin lena mbaineann luasteorainn eile, mar a shonraítear sa Dara, sa Tríú, sa Cheathrú, sa Chúigiú, sa Séú, sa Seachtú, san Ochtú Sceideal agus sa Naoú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, nó in Alt 4.0 de na Fodhlíthe seo.

### 3.2 AN DARA SCEIDEAL – LUASTEORAINN THRÉIMHSIÚIL SPEISIALTA 30 KM/U

I é **30 km/u** an luasteorainn thréimhsiúil speisialta is infheidhme ó Luan go hAoine le linn na scoilbhliana caighdeánaithe (mar atá leagtha síos i Scoilbhliain na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus i nDoiciméad na Scoilbhliana Caighdeánaithe) idir na huaireanta 07:30 go 09:30 agus 13:00 go 16:30, d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), dath glas. Gach tráth eile, fillfidh an luasteorainn ar na bóithre poiblí sin go **dtí 50 km/u**.

### 3.3 AN TRÍÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 50 KM/U

Is é **50 km/u** an luasteorainn speisialta d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), dath oráiste.

### 3.4 AN CEATHRÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 50KM/U (LE CUR I BHFEIDHM NUAIR A GHLACANN DLRCC FAOI CHÚRAM Í)

**50 km/u** an luasteorainn speisialta d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a shonraítear anseo thíos, nuair a ghlacfaidh
DLRCC na bóithre seo a leanas faoina chúram: -

(i) Fad iomlán Nascbhóthar Chill Tiarnáin.

(ii) Fad iomlánBhóthar Barrington.

(iii) Bóthar Ghleann na nDraoithe, ón acomhal le Bóthar Barrington go dtí an acomhal leis an N11.

(iv) Fad iomlán Bhóthar Bheicéid.

(v) Fad iomlán Ascaill Choill na Silíní

(vi) An Pharáid Mhór, ón acomhal le Bóthar Barrington go dtí an acomhal le Bóthar Ghleann na Tulaí.

(vii) Fad iomlán Bhóthar Ghleann na Tulaí.

(viii) Scéim Bóthair Cheantar Ghleann na Muc mar atá leagtha amach in ABP 303945-19, ón acomhal le Bóthar Áth na Sceire (in aice le Cumann Peile De La Salle Bhaile Phámar) go dtí acomhal (timpeallán) Bhóthar Ghleann na Muc,
Lána an Ghailf, Faiche Charraig Mhaighin, agus go dtí an acomhal le Bóthar Áth na Sceire 150m laisteas den áit a bhuaileann Lána Bharr na Slinneán Bóthar Áth na Sceire.

(ix) Bóthar Ghleann na Muc ón acomhal le Bóthar Áth na Sceire (An Liathróid Órga) go dtí an acomhal le Mullán na nDriseog

## 3.5 AN CÚIGIÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 60 KM/U

Is é **60 km/u** an luasteorainn speisialta d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), dath cian.

## 3.6 AN SÉÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 60 KM/U (LÁNA BUS AMHÁIN)

Is é **60 km/u** an luasteorainn speisialta d'fheithiclí inneallghluaiste atá á dtiomáint sna lánaí bus ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), dath maigeanta.

## 3.7 AN SEACHTÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 80 KM/U SEACHAS LÁNA BUS

Is é **80 km/u** an luasteorainn speisialta d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin (seachas an lána bus ina mbeidh luasteorainn **60km/u**, mar a shonraítear

sa Chúigiú Sceideal thuas) a thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), dath maigeanta.

### 3.8 AN tOCHTÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 80 KM/U

Is é **80 km/u** an luasteorainn speisialta d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), dath dearg.

### 3.9 AN NAOÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 100 KM/U

Is é **100 km/u** an luasteorainn speisialta d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), dath dubh.

## 4.0 LUASTEORAINNEACHA AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA AGUS AR MHÓTARBHEALACH

### LUASTEORAINNEACHA

D'fhonn amhras a sheachaint, áirítear codanna de bhóithre poiblí nach bhfuil aon luasteorainn speisialta acu ina bhfanfaidh luasteorainn na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla **80km/u** i bhfeidhm d'fheithiclí inneallghluaiste, i measc na mbóithre poiblí sin a léirítear ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), le línte briste dearga agus mar a shonraítear anseo thíos: –

(i) An Bealach Glas Theas (R113), ó thimpeallán tromán lúith thuaidh Acomhal 13 an M50 (Bóthar Ghort an Bhreithimh/Bóthar Bhaile an tSaoir/An Bealach Glas Theas/Acomhal 13 an M50 rampa amach ó dheas/nascbhóthar Acomhal 13) go dtí pointe scartha shliosbhóthar ar chlé an Bhealaigh Ghlais Theas isteach i Nascbhóthar Dhroim Máirtín.

(ii) An Bealach Glas ó Thuaidh (R113) ó phointe cumaisc an Bhealaigh Ghlais Thuaidh le sliosbhóthar ar chlé Bhealach Bhearna isteach sa Bhealach Glas ó Thuaidh go dtí timpeallán tromán lúith theas Acomhal 13 an M50 (Bealach Glas Thuaidh/rampa isteach ó thuaidh Acomhal 13 an M50/nascbhóthar tromán lúith Acomhal 13 ).

D'fhonn amhras a sheachaint, áirítear codanna de bhóithre poiblí nach bhfuil aon luasteorainn speisialta acu, ina bhfanfaidh luasteorainn an mhótarbhealaigh **120km/u** i bhfeidhm d'fheithiclí inneallghluaiste, i measc na mbóithre poiblí sin a

thaispeántar ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15), le línte briste dúghorma agus mar a shonraítear anseo thíos: -

(i) Carrbhealach an M50 ó dheas ón bpointe atá suite 165m soir ó Nascbhóthar Dhroim Mháirtín/Bealach Bhearna soir thar an droichead go dtí an pointe deiridh theas ag barr shrón Acomhal 17 an M50, áit a dtéann an M11 ó dheas isteach ann.

(ii) Carrbhealach an M50 ó thuaidh óna thúsphointe theas ag barr shrón Acomhal 17 an M50, áit a dtéann an M11 amach go dtí an pointe atá suite 165m soir ó Nascbhóthar Dhroim Máirtín/Bealach Bhearna soir thar an droichead.

(iii) Carrbhealach an M11 ó dheas ón bpointe ag barr shrón Acomhal 17 an M50, áit a gcríochnaíonn an M50 ó dheas go dtí an teorainn is faide ó dheas idir DLRCC agus Chomhairle Contae Chill Mhantáin.

(iv) Carrbhealach an M11 ó thuaidh ó Chomhairle Contae DLRCC/Chill Mhantáin an teorainn is faide ó dheas go dtí an pointe ag barr shrón Acomhal 17 an M50, áit a dtosaíonn an M50 ó thuaidh.

(v) Rampa amach ó thuaidh Acomhal 13 an M50 Rampa amach ó dheas Acomhal 13 an M50, na ceithre rampa go léir ag Acomhal 15 an M50, na ceithre rampa go léir ag Acomhal 16 an M50, na ceithre rampa go léir ag Acomhal 5 an M11, a dtaispeántar na pointí tosaigh agus deiridh ábhartha ar an líníocht dar teideal Léarscáileanna Luasteorann DLR 2024 (Bileoga 1-15).

**I LÁTHAIR nuair a** rinneadh Comhshéala

**CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN**

A GHREAMÚ DE SEO

**Cathaoirleach Chomhairle**

**Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**

**Oifigeach Údaraithe**

**Oifigeach de chuid na Comhairle Contae**

**Halla an Chontae, Dún Laoghaire**